



Comhairle Chontae na Gaillimhe

Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Tagairt: GCRR-4_04.30.9

Eagrán 1 | 28 Márta 2025

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil seo treoracha sonracha a thug an cliant dúinn agus na riachtanais a bhí aige. Níor ceapadh d'aon tríú páirtí í agus níor cheart go mbraithfeadh aon tríú páirtí uirthi agus ní ghlactar aon fhreagracht i gcás tríú páirtí.

Uimhir an jab 233985

Ove Arup & Partners Ireland Limited

Arup Corporate House
Páirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
Éire
arup.com

Gluais na dTéarmaí

Téarmaí	Brí
AADT	Trácht Laethúil Bliantúil ar an Meán (léirithe i bhfeithiclí in aghaidh an lae)
MC	Measúnacht Chuí Measúnacht a dhéantar faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga i ndáil leis na himpleachtaí a bheidh ag plean nó ag tionscadal, go haonair nó i gcomhar le pleananna agus le tionscadail eile, ar láithreán Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhnaithe an láithreáin.
AAPanna	Limistéir le Fiúntas Seandálaíochta
ABP	An Bord Pleanála
ACA	Limistéar Caomhantais Ailtireachta
Fáil	Maoin atá le ceannach ag an údarás áitiúil.
Samhail ADMS-Bóithre	Is uirlis chuimsitheach é samhail truaillithe ADMS-Bóithre chun imscrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna a bhíonn le truailliú aeir i ngeall ar líonraí bóithre a d'fhéadfadh a bheith ann i dteannta láithreáin thionsclaíocha, mar shampla bailte beaga nó líonraí bóthair faoin tuath.
ADAS	Seirbhís Forbartha agus Comhairleoireachta Talmhaíochta
AEC	Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh
Alcaileacht	Tomhas ar chumas tuaslagáin aigéid a neodrú.
Glár	Dríodar sil-leagtha ag uisce reatha.
Gnáthóg Iarscríbhinn I	Cineálacha gnáthóige liostaithe ar Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga a n-éilítear lena gcaomhnú go n-ainmneofaí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta.
Speicis Iarscríbhinn II	Speicis liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga a n-éilíonn a gcaomhnú go n-ainmneofaí Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta.
Speicis Iarscríbhinn IV	Speicis liostaithe ar Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga a dtugtar cosaint dhian dóibh faoi reachtaíocht AE agus náisiúnta.
AOD	Os cionn tagra ordanáis
Uiscíoch	Sraith nó sraitheanna fodhromchla carraige a stóráilann agus a dhéanann uisce a tharchur i méideanna suntasacha.
Draenáil Artaireach	Obair dhraenála shaorga a dhéantar chun tacú le líonraí draenála nádúrtha.
Teorainn na Measúnachta	Tagraíonn an téarma Teorainn na Measúnachta do thailte a theastaíonn chun an N6 GCRR atá beartaithe a thógáil agus / nó a oibriú chomh maith le méideanna na dtailte a áirítear laistigh den teorainn phleanála don fhorbairt a bheartaítear ag Ráschúrsa na Gaillimhe.
Linn mhaolaithe	Linn uisce a úsáidtear chun rith chun srutha uisce ón mbóthar a bhailiú agus a scaoileadh go mall.
Acomhal Comhréidh	Acomhal ag a dtagann bóithre le chéile ar an leibhéal céanna.
Acomhail chomhréidh soilsithe	Acomhal bóthair, áit a dtagann bóithre le chéile ar an leibhéal céanna, á rialú ag soilse tráchta.
AQS	Caighdeán Cáilíochta an Aeir

Téarmaí	Brí
Barúntachtaí	Foroinnt stairiúil ar chontae.
Bunsreabh	Leibhéal cúla an tsreabhaidh uisce i sruth nó i ngné uisce dromchla eile i rith tréimhsí tírime (agus ní tharlóidh sé sin i go leor cásanna ach mar gheall ar dhoirteadh screamhuisce amháin).
Bonnbhliain	An bhliain a úsáidtear mar an tús nó an bhliain thagartha chun samhail dearaidh nó cothromóid a chruthú.
Batailit	Bruth-ionsá an-mhór ag síneadh go doimhneacht neamhaithnid i screamh an domhain.
Bataiméadrach	Is ionann bataiméadracht agus tomhas ar dhoimhneacht uisce in aigéin, aibhneacha, nó lochanna. Tá léarscáileanna bataiméadracha an-chosúil le léarscáileanna topagrafacha, a úsáideann línte chun cruth agus airde na ngnéithe talún a thaispeáint.
BaU	Cás <i>Gnó Mar is Gnách</i>
BCI	Caomhnú Ialtóg Éireann
BGL	Faoi Leibhéal na Talún
Beantach	Baint aige le grinneall na farraige nó locha nó leis na horgánaigh a mhaireann ann.
BH	Oidhreacht Thógtha
Bithmhilleadh	Is ionann bithmhilleadh agus an lobhadh a dhéanann miocrorgánaigh ar ábhar orgánach.
Éileamh Bitheolaíoch ar Ocsaigin (BOD)	Paraiméadar a úsáidtear chun fáil amach cé chomh tapa is a ídionn orgánaigh bhitheolaíocha ocsaigin i ndobharlach. Ní tástáil chainníochtúil chruinn é an tástáil a dhéantar ar BOD, cé go bhféadfaí é a mheas mar tháscaire de cháilíocht foinse uisce.
Bitít	Is ainm é bitít a úsáidtear le haghaidh grúpa mór mianraí míoca dubha a fhaightear go minic i mbruthcharraig agus i gcarraigeacha meiteamorfacha.
Débhlaoscaigh	Moileasc uisceach a bhfuil corp comhbhrúite aige iniata laistigh de shliogán ar insí, cosúil le hoisrí, diúilicíní, agus muiríní.
Pléascadh	Dlúthcharraig a bhriseadh óna chéile nó a phléascadh le pléascáin
Tollán tollta	Tochailt tolláin ag úsáid meaisín le trasghearradh ciorclach trí charraig, i.e. ábhar tógtha le meaisín tollta.
BoCCI	Éin a bhfuil Imní maidir lena gCaomhnú in Éirinn
BRE	Bunaíocht Taighde Foirgneamh
BRT	Bus Gasta
BSBI	Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann
Cloch bhalláin	Is é ballán an téarma a úsáidtear don logán i gcloch a bhíonn líonta le huisce go minic. Is carraig mhór é Ballán ina ngreantar imchuach nó ballán.
BWI	Cairde Éanlaith Éireann
Cailcít	Is leis an ngrúpa cailcíte mianraí é cailcít, grúpa carbónáití gaolmhara atá iseamorfach le chéile. Tá siad cosúil le chéile i gcuid mhaith airíonna fisiceacha, agus d'fhéadfaidís ionadú i bpáirt nó ionadú iomlán a dhéanamh ar a chéile, ina gcruthaítear sraith tuaslagán soladach.

Téarmaí	Brí
CAF	<i>Guidelines on a Common Appraisal Framework for Transport Projects and Programme</i> Márta 2016
CAP24	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
Dobharcheantar	An limistéar dromchla iomlán a choinníonn uisce le dromchla ar leith nó le gné screamhuisce.
Carrbhealach	An chuid ar leith den bhóthar a úsáideann trácht feithiclí.
CBA	Anailís Costais is Tairbhe
C ₆ H ₆	Beinséin
CCAC	An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
CEMP	Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála
CGS	Suíomh Geolaíochta Contae
Ch.	Slabhraíocht
CH	Oidhreacht Chultúrtha
CIWM	Chartered Institution of Wastes Management
Cliabhán ardaithe	Craein hiodrálach le hardán faoi ráille ag an gceann chun daoine a ardú agus a íslíú, mar shampla chun oibriú ar chábla lasnaide
Clóraifill	Is ábhar datha é clóraifill a fhaightear i bhformhór plandaí, algaí, agus alga gormghlas.
CIRIA	Construction Industry Research and Information Association
CJEU	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
CO	Aonocsaíd Charbóin
CO ₂	Dé-ocsaíd Charbóin
Seoltacht	Is tomhas é seoltacht (nó seoltas sonrach) tuaslagáin ar a chumas leictreachas a sheoladh. Tá sé nasctha go díreach leis an líon iomlán solad a bhíonn tuaslagtha sa tuaslagán.
Cuspóirí caomhnaithe	Is é an sprioc foriomlán do na cineálacha speiceas agus/nó gnáthóige dá bhfuil láithreán SAC nó SPA ainmnithe ionas go mbeidh an láithreán in ann rannchuidiú chun stádas fabhrach caomhnaithe na speiceas agus/nó na gcineálacha gnáthóige sin a choimeád nó a bhaint amach. I gcás roinnt láithreán SAC/SPA áirítear leis sin tacar mionsonraithe spriocanna agus saintréithe ar féidir stádas fabhrach caomhnaithe a thomhas ina gcoinne.
Céim na Tógála	An chéim a dtógfar an Tionscadal (Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe agus an fhorbairt a bheartaítear ag Ráschúrsa na Gaillimhe) lena linn. Áirítear leis sin réamhchonarthaí cosúil le fálú, tástáil seandálaíochta agus saoráidí/seirbhísí a atreorú, bunú láithreáin agus slógadh.
Acmhainn iompair	An cumas atá ag abhainn sreabhadh uisce a iompar
Lánaí malla	Is lána breise i gcarrbhealach bóthair é an lána mall lena mbíonn feithiclí móra a bhíonn ag dul suas grád géar taisteal níos moille. Ó tharla go mbíonn sé deacair ag na feithiclí sin dreapadh suas in aghaidh cnoic, is féidir leo taisteal sa lána mall gan moill a chur ar thrácht.

Téarmaí	Brí
Cófradhamba	Imfhálú uisce-obach a phumpáiltear tirim ionas go mbeifear in ann obair thógála a dhéanamh faoin líne snámha, mar shampla bunsraitheanna le haghaidh struchtúr droichid.
Córas Bailiúcháin	Córas chun dramhaíl a bhailiú, a shórtáil nó a mheascadh ar mhaithe lena hiompar chuig saoráid aisghabhála nó diúscartha dramhaíola.
Sreabhadh seolphíobáin	Sreabhadh screamhuisce trí sheolphíobáin mhóra laistigh den charraigmhais a fhaightear de ghnáth in uiscígh charstacha.
CUB	Foirgneamh Fónais Láir
Tóchar	Struchtúr lena mbíonn uisce in ann sreabhadh faoi bhacainn cosúil le bóthar nó bóthar iarainn.
Ordú Ceannaigh Éigeantaigh	Dlíthe náisiúnta ina gceadaítear d’údaráis áitiúla talamh a cheannach ar bhonn éigeantach atá riachtanach chun Cuarbhóthar N6 na Gaillimhe atá beartaithe a thógáil nó a oibriú gan gá cead a fháil ó na húinéirí ach faomhadh ag teastáil ina leith ón mBord Pleanála.
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
CTMP	Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála
Cu	Copar
Cumec	Méadar ciúbach sa soicind, mar aonad ráta sreafa uisce
Tionchair Charnacha	Chun sainmhíniú a fháil, féach an sliocht as treoirlínte 2022 EPA ag deireadh an doiciméid seo
Tollán gearrtha agus cumhdaithe	Is cur chuige é ‘gearradh agus cumhdaigh’ a úsáidtear chun tolláin éadomhain a thógáil i gcásanna inar féidir an talamh os cionn an tolláin a ghlanadh (a ghearradh), tógtar an ghné struchtúrach ansin don tollán sula gcumhdaítear barr an tolláin le cré, barrthir agus féar
C&D	Tógáil agus Scartáil
DCHG	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
DAU	Aonad na nIarratas Forbartha sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
dB (deicibeil)	An t-aonad leibhéal fuaimbhrú, arna ríomh mar logartam den dlús fuaime.
dB(A)	An t-aonad a úsáidtear chun an dlús fuaime a thomhas. Léiríonn an “A” go raibh na leibhéil “A” ualaithe
D&B	Dearadh agus Tógáil
Bliain dearaidh	Is ionann an bhliain dearaidh agus an bhliain dá ríomhtar éileamh tráchta agus airde sa todhchaí agus tá sé socraithe ag 2046 – 15 bliana tar éis oscailt Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá Beartaithe
Sprioc Dearaidh (torann agus creathadh)	Teorainn sprice i gcomhair torainn nó creathaidh á glacadh i rith luathchéimeanna dearaidh tionscadail, nach gá go mbeadh bonn reachtúil acu ach iad bunaithe ar dhea-chleachtas reatha agus ar imthosca áirithe tionscadail áirithe.
Láithreáin Ainmnithe	Láithreáin a bhfuil stádas speisialta acu mar limistéir faoi chosaint mar gheall ar an tábhacht nádúrtha agus cultúrtha a bhaineann leo.
DHPLG	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
DEFRA	An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe sa Ríocht Aontaithe

Téarmaí	Brí
Acomhal cearnóige	Is cineál coitianta acomhal bóthair atá leithlisithe ó thaobh gráid de é acomhal cearnóige, a úsáidtear nuair a thrasnaíonn bóthar mór bóthar beag.
Sreabhadh idirleata	Sreabhadh lannach screamhuisce a tharlaíonn tríd an maitrís uiscíoch nó gráin.
DL	Tírdhreacha Deartha
DMRB	Design Manual for Roads and Bridges, UK
Cás “Gan Dada a dhéanamh”	An timpeallacht mar a bheadh sí sa todhchaí i gcás nach bhforbrófaí an Tionscadal
Cás “Déan an Méid is Lú”	Glactar leis sa chás seo go ndéantar bunchothabháil ar an mbóthar mar aon leis na scéimeanna iompair is dóigh a tharlóidh agus atá tiomnaithe.
DoHLGH	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
DMURS	Lámhleabhar Dearaidh um Bóithre agus Shráideanna Uirbeacha
Cás “Déan rud éigin”	Glactar leis sa chás seo go dtógtar an Tionscadal mar atá tuairiscithe, agus áirítear leis tionscadail eile atá geallta agus cuirtear an comhshaol san áireamh ann i gcás go ndéanfaí an Tionscadal a fhorbairt.
DoT	An Roinn Iompair
Dolairít	Bruthcharraig dhorcha, meán-ghráinneach, le huigeacht oifiteach, ina bhfuil plagaclás, pirixéin, agus olaivín. Tarlaíonn sé i ndíoga agus i mboinn phoill
Doilíne	Lagrach éadomhain ar chruth tonnadóra de dhromchla na talún cruthaithe ag tuaslagán i réigiúin aolchloiche
Íostarraingt	Uisce a tharraingt ó thaiscumar nó stór.
Dingeáin	Ionsá fo-ingearach cosúil le leathán de mhagma nó dríodar.
D2UM	Débhealach Caighdeánach Mótarbhealach Uirbeach
CE	An Coimisiún Eorpach
EcIA	Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta
Éifeachtaí	Chun sainmhíniú a fháil, féach an sliocht as treoirlínte 2022 EPA thíos. Úsáidtear na téarmaí éifeachtaí agus tionchair as lámh a chéile sa TMTT seo agus an bhrí chéanna leo.
Báisteach éifeachtach	An chuid sin den deascadh iomlán a fhanann tar éis galú agus atá ar fáil don fhásra agus do shíothlú.
EFG	An Chónaidhm Eorpach Geolaithe
Suirbhé ar ionductú leictreamaighnéadach (cearnú)	Tá an suirbhé ar ionductú leictreamaighnéadach bunaithe ar thomhas a dhéanamh ar an athrú i gcoisceas comhpháirteach idir péire coraí ar dhromchla an domhain nó os a chionn.
EM	Bainisteoir Comhshaoil
EQS	Caighdeán Cáilíochta Comhshaoil
MTT	Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Téarmaí	Brí
TMTT	Tuascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta. Tugadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar an Tuascáil MTT roimhe seo.
Oibreacha Cumasúcháin	Ullmhúcháin chun láithreán a réiteach le haghaidh tógála. Cumhdaítear ann gníomhaíochtaí chun an láithreán a ullmhú, bealaí rochtana a chruthú, agus saoráidí a shuiteáil cosúil le fálú slándála, rampaí, agus comharthaí a chur suas.
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Sonraí digiteacha ithreacha EPA	Le cúnamh ó Teagasc agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, chuir an EPA léarscáil ithreacha le chéile le haghaidh Phoblacht na hÉireann. Tá na sonraí sin ar fáil i bhfoirm dhigiteach ar féidir é a úsáid i mbogearraí mapála ar ríomhaire.
Eipea-charst	An crios tanaí gar don dromchla carstach. Áirítear leis an dromchla buncharraige mionathraithe (karren) i gcomhair réitigh agus an forscreamh forshraithaithe agus cuimsithe. Tacaíonn an eipea-charst go minic le huiscíoch fara agus é ann chun uisce báistí insíothlaithe a mhoilliú agus a stóráil. Bíonn sé mar ghnáthóg freisin ag orgánaigh éagsúla a mhaireann sna scáintí.
EPRC	An Chonair Bhealaigh is Dealraithe a Roghnófar
ERT	Tomagrafaíocht Friotachais Leictirigh
ESB/BSL	Bord Soláthair an Leictreachais
ESBI	Bord Soláthair an Leictreachais Idirnáisiúnta
Estavelles	Is oirifísí iad estavelles a bhfuil dhá fheidhm acu. Scaoileann siad uisce mar thobar nó ligeann siad d'uisce dul go grinneall, ag brath ar dhálaí screamhuisce. De ghnáth is iad estavelles nasc na lochanna carstacha leis an maoschlár talún carstach.
AE	An tAontas Eorpach
Láithreán Eorpach	Téarma coiteann a úsáidtear sa reachtaíocht náisiúnta nuair a thagraítear do láithreáin chaomhnaithe an dúlra a bhfuil cosaint acu faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga nó Éin (i.e. láithreáin SAC nó SPA).
Imghalú	An próiseas trína ndéantar uisce a aistriú ón talamh chuig an atmaisféar trí ghalú ón ithir agus dromchlaí eile agus trí thrasghalú ó phlandaí.
Éasc	Briseadh plánach i gcarraig ina bhfuil an charraig ar thaobh amháin den bhriseadh bogtha i dtaca leis an gcarraig ar an taobh eile.
Riocht Fhabhrach Caomhnaithe	I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar éifeachtaí an QI/SCI ar láithreáin Eorpacha agus a gcuspóirí caomhnaithe, baintear riocht fhabhrach caomhnaithe amach nuair a bhíonn dóthain raoin, achair agus cáilíochta ag gnáthóga QI, agus tá raon méid daonra agus limistéar gnáthóige leordhóthanach ag speicis QI/SCI, chun a chinntiú go mairfidh siad go meántéarmach nó go fadtéarmach, mar aon le hionchais fhabhracha sa todhchaí agus brúnna agus bagairtí le sárú acu.

Téarmaí	Brí
Stádas Fabhrach Caomhnaithe	I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar stádas caomhnaithe ghnáthóga Iarscríbhinn I agus speicis Iarscríbhinn II/IV ar leibhéal náisiúnta, baintear stádas fabhrach caomhnaithe amach nuair a bhíonn dóthain raoin, achair agus cáilíochta ag na gnáthóga, agus tá raon méid daonra agus limistéar gnáthóige leordhóthanach ag na speicis, chun a chinntiú go mairfidh siad go meán nó go fadtéarmach, mar aon le hionchais fhabhracha sa todhchaí agus brúnna agus bagairtí le sárú acu.
IDC	Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC)
Scoilteán	Scoilt nádúrtha i gcarraig trína mbíonn uisce in ann gluaiseacht go tapa.
FPO	An tOrdú um Flóra (Cosaint), 2015
FRA	Measúnú Riosca ar Thuilte
Briseadh	Briseadh ar an leanúnachas san áit ina raibh deighilt.
FSU	Nuashonrú ar Staidéir Tuilte
GCRR	Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe
Geoghuaiseacha	Riochtaí geolaíocha a bhíonn in ann damáiste a dhéanamh, nó in ann a bheith in a gcúis le caillteanas maoine agus saoil, ar a nglaoitear guaiseacha geolaíocha agus dá dtagraítear go minic mar “geoghuaiseacha”.
Geomoirfeolaíocht	an staidéar ar ghnéithe fisiceacha dhromchla an domhain agus an gaol atá acu lena struchtúir gheolaíocha
Tobar geoiteirmeach	Is toibreacha iad toibreacha geoiteirmeacha a bhíonn i dteagmháil leis an bhfuinneamh geoiteirmeach nádúrtha a fhaightear faoi screamh an Domhain.
CCG	Comhairle Chontae na Gaillimhe
GCTPS	Staidéar Iompair & Pleanála Chontae na Gaillimhe (GCTPS)
GHAnna	Limistéir Oidhreachta Geolaíochta
GMATS	Straitéis Iompair Mhórchéantar Uirbeach na Gaillimhe
GPR	Freagairt do Chosaint Screamhuisce
GTPS	Staidéar Pleanála Iompair na Gaillimhe
GCT	Gáis Cheaptha Teasa
GI	Imscrúdú Talún
GIS	Córas Faisnéise Geografaí
GMATS	Straitéis Iompair Mhórchéantar Uirbeach na Gaillimhe
GNI	Líonraí Gáis Éireann
Carraigeacha corr	Bollán á iompar agus á shil-leagan ag oighearshruth a bhfuil liteolaíocht aige atá difriúil ón mbuncharraig ar a bhfuil sé suite. Is táscairí áisiúla iad carraigeacha corr de phatrúin i sruth oighir roimhe seo.
Gléireach	Foroinn den ghrúpa ithreach podsalaí ina mbíonn bord screamhuisce luaineach nó draenáil bhachta a chruthaíonn breacadh sa léaslíne liath gléireach ar a bhfuil léaslíne fodhromchla dubh nó dúdhonn suite.

Téarmaí	Brí
Acomhal Ilairde	Acomhal bóthair ina dtagann bóithre le chéile agus ina dtéann bóthar amháin ar a laghad thar ceann eile.
Screamhuisce	An chuid sin den uisce fodhromchla arb é an crios sáithithe é, i.e. faoi bhun an mhaoschláir.
Leochaileacht screamhuisce	Is téarma é leochaileacht a úsáid chun léiriú a thabhairt ar na bunsaintréithe geolaíocha agus hidrigeolaíocha a chinneann cé chomh héasca is atá sé an screamhuisce a éilliú de bharr gníomhaíochtaí an duine.
Réamhaisnéisí fáis	An próiseas ina ndéantar iarracht an riocht sa todhchaí a thuar. Leis seo úsáidtear samhlacha staitistiúla ag úsáid athraitheach ar a dtugtar táscairí uaireanta.
GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
SIG	Straitéis Iompair na Gaillimhe – straitéis iompair foriomlán le haghaidh Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird le creat forfheidhmithe follasach le haghaidh cúrsaí iompair sna 20 bliain seo amach romhainn.
GWB	Dobharlaigh screamhuisce
GWDTE	Éiceachórais Talún atá Spleách ar Screamhuisce
Gnáthóg	Áit chónaithe speiceas nó pobail ina soláthraítear tacar riochtaí comhshaoil.
ha	Heicteár (tá heicteár amháin cothrom le 10,000 méadar cearnach)
HAWRAT	Uirlis Measúnú Riosca Uisce na Gníomhaireachta Mórbealaí
HCV	Feithicil Tráchtála Throm
HETAC	Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna
HGV	Feithicil Earraí Troma
Cás ardfáis	Glacann sé seo go mbeidh ráta ard fáis sna réamhaisnéisí daonra don réigiún.
Ailíniú Cothrománach	Treo agus cúrsa an bhóthair atá á phleanáil.
Bac hiodrálach	Téarma ginearálta ina dtagraítear do mhodhuithe ar shreabhchóras screamhuisce chun gluaiseacht éilleán a shrianadh nó a chosc.
Hidridinimic	Brainse eolaíochta a bhaineann le fórsaí a ghníomhaíonn ar shreabháin nó faoina dtionchar (go háirithe leachtanna).
Idircheapóir hidreacarbóin	Gaiste a úsáidtear chun truailleáin hidreacarbóin a scagadh ó rith chun srutha uisce báistí. Úsáidtear é de ghnáth nuair a bhíonn bóthar á thógáil ionas nach n-éilleoidh breosla srutháin a bheidh ag iompar an rith chun srutha.
Ceantar Hidriméadrach	Limistéar arna sainiú ag an EPA ag cumhdach réigiúin do bharcheantair.
Hipirtheannas	Brú ard fola neamhghnách agus go háirithe brú fola sna hartairí.
Tulógach	Píosa ardaithe talún os cionn leibhéal ginearálta réigiúin riascaigh.
IAH	An Comhlachas Idirnáisiúnta Hidrigeolaithe
IAM	Úsáidtear Maitrís Measúnachta Tionchair chun suntasacht éifeachta a chinneadh. I dtéarmaí bunúsacha, ciallaíonn an suntasacht fhéideartha a bhíonn ag éifeacht feidhm d'íogaireacht an ghabhdóra agus méid an tionchair, mar a thaispeántar sna táblaí thuas.

Téarmaí	Brí
ICOH	An Coimisiún Idirnáisiúnta um Shláinte Cheirde
IE	Astaíochtaí Tionsclaíocha
ILI	Institiúid Tírdhreacha na hÉireann
Hz	Heirts
IEEM	Institute of Ecology and Environmental Management
IFI	Iascaigh Intíre Éireann
IGI	Institiúid Geolaithe na hÉireann
Tionchar	Chun sainmhíniú a fháil, féach an sliocht as treoirlínte 2022 EPA thíos. Úsáidtear na téarmaí éifeachtaí agus tionchair as lámh a chéile sa TMTT seo agus an bhrí chéanna leo.
IOA	An Institiúid Fuaime
ITS	Córas Iompair Chliste
ITMP	Clár Bainistíochta Iompair Comhtháite
Tionchair/éifeachtaí i gcomhar	An téarma le haghaidh tionchar carnach a úsáidtear nuair a bhíonn tionchair ar láithreáin Eorpacha i gcomhthéacs NIS/MC á mbreithniú – éifeachtaí carnacha á gcruthú ag tionscadal atá á bhreithniú i láthair na huair mar aon leis na héifeachtaí a bheadh ag aon tionscadail nó pleananna reatha nó beartaithe.
In-situ	Ina áit bhunaidh, i gcomhair seandálaíochta ina dtagraíonn sé do chaomhnú láithreán seandálaíochta/gnéithe gan suaitheadh.
Idirmhodúil (iompar)	Déantar cur síos ar úsáid modhanna éagsúla iompair (e.g. iarnród, longa agus trucail).
Crios idirthaoideach	Is ionann an crios idirthaoideach, ar a dtugtar an crios cladachúil freisin, i dtimpeallachtaí uisceacha muirí agus achar an urthrá agus an ghrinnill atá nochta don aer le linn taoide thráite agus a bhíonn tumtha i rith lán mara, i.e. an limistéar idir marcanna taoide.
IHRB	Bord Rialála Rásaíocht Capall na hÉireann (IHRB)
IPCC	An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide
IPPC	Cosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú
IRP	Plean um Fhreagairt ar Theagmhais
Carst	Tír-raon a chruthaítear le tuaslagán aolchloiche agus nach mbíonn aon draenáil dromchla i gceist leis, sraith log sa dromchla, lagracha agus scoilteáin, struchtúir thite agus líonra draenála forleathan faoi thalamh.
Carstach	Tuairisceoir le haghaidh dálaí buncharraige in aolchloch ina bhfuil gnéithe tuaslagáin cosúil le scoilteáin agus pluaiséanna, agus ina bhféadfadh, sruthchúrsaí uisce a bheith faoi thalamh.
Carstú	Foirmíocht na ngnéithe de thopagrafaíocht charstach de bharr gníomhú ceimiceach, agus uaireanta meicniúil, uisce i réigiún aolchloiche, dolaimíte, nó buncharraig gipsim.
PÉ	Príomhghabhdóirí Éiceolaíocha
km	Ciliméadair

Téarmaí	Brí
Km/h	Ciliméadair san uair
kph	Ciliméadair san uair
kPa	Cileapascal, aonad chun brú a thomhas
KPI	Príomhtháscairí Feidhmíochta
kV	Aonad fórsa leictreaghluaisneach, cothrom le 1000 volta.
LAM	Samhail Ceantair Áitiúil
PCÁ	Plean Ceantair Áitiúil
Limistéar Nádúir Tírdhreacha (LCA)	Cineálacha ar leith tírdhreacha atá ginearálta ina gcineál sa mhéid is go dtarlaíonn siad i gcodanna difriúla den tír, ach cibé áit ina bhfuil siad tá meascáin den chineál céanna de thopagrafaíocht geolaíochta, patrúin draenála, fásra agus úsáid talún stairiúil agus patrún lonnaíochta acu.
LCT	Cineálacha Nádúir Tírdhreacha
LCU	Aonad Nádúir Tírdhreacha
LED	Dé-óid astaithe solais; fearas a tháirgeann solas, go háirithe ar threalamh leictreonach
LLCU	Aonaid Nádúir Tírdhreacha Áitiúla
L ₁₀	An leibhéal torainn a sháraítear ar feadh díreach 10% de thréimhse samplach. Is ionann L _{10(1hour)} dá bhrí sin agus an leibhéal torainn a sháraítear ar feadh 10% den am thar thréimhse uair an chloig. Is ionann L _{10(18hour)} agus meán uimhríochta na 18 luach L _{10(1hour)} idir 06:00 agus 24:00 uair an chloig.
L ₉₀	An leibhéal torainn a sháraítear ar feadh 90% de thréimhse shamplach; a úsáidtear de ghnáth mar thuairisceoir le haghaidh leibhéal torainn sa chúla.
L _{max}	An t-uasleibhéal fuaime meandraí a thomhaistear i rith thréimhse samplach.
L _{eq,T}	An leibhéal fuaime leanúnach coibhéiseach - leibhéal fuaime fhuaim chobhsaí leis an bhfuinneamh céanna le fuaim luaineach thar thréimhse sonrach tomhais T. D'fhéadfadh T a bheith chomh gearr le 1 soicind nuair a úsáidtear é chun cur síos a dhéanamh ar eachtra aonair, nó chomh fada le 24 uair an chloig nuair a úsáidtear é chun cur síos a dhéanamh ar an aeráid thorainn ag suíomh sonrach. Is féidir L _{eq,T} a thomhas go díreach le méadar fuaimleibhéil chomhtháite.
L _{den}	An táscaire torainn ilchodach lá-tráthnóna-oíche arna ghlacadh ag AE ar mhaithe leis an mbearrán foriomlán a mheas. Is ionann L _{day} agus an leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí lae go léir i mbliain. Is ionann L _{night} agus an leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí oíche go léir i mbliain.
Levening	An leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí tráthnóna go léir i mbliain.
L _{day}	An leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí lae go léir i mbliain.
L _{night}	Is ionann L _{night} agus an leibhéal fuaime fadtéarmach A-ualaithe ar an meán mar atá sainithe in ISO1996-2: 1987, á chinneadh thar na dtréimhsí oíche go léir i mbliain.
Liteasail	Ithir thanaí ina bhfuil píosaí carraige síonchnaíte i bpáirt den chuid is mó.

Téarmaí	Brí
Cás ísealfháis	Glacann sé seo go mbeidh ráta íseal fáis sna réamhaisnéisí daonra don réigiún.
LGV	Feithicil Earraí Éadroma
LNRS	Dromchla Bóthair Torannlaghdaitheach
LNR	An Bóthar Ceangail ó Thuaidh
LRD	Forbairt Mhórscála Chónaithe
Luft	Treoirlínte Teicniúla Treoracha TA Luft ar Rialú Chaighdeán an Aeir
LV	Feithiclí Éadroma
LVIA	Measúnacht ar Thionchar Tírdhreacha agus Amhairc
Maicreacnamaíocht	Is brainse den réimse eacnamaíochta é maicreacnamaíocht ina ndéantar staidéar ar chúrsaí sa gheilleagar comhiomlán. I maicreacnamaíocht, déantar grinnscrúdú ar fheiniméin ar fud an gheilleagair amhail, boilsciú, leibhéil praghsanna, ráta fáis, ioncam náisiúnta, olltáirgeacht intíre agus athruithe ar dífhostaíocht.
Maicrinveirteabraigh	Ainmhithe nach bhfuil aon chnámh droma acu atá sách mór chun iad a fheiceáil leis an tsúil lom.
Talamh Réitithe	Fosuithe atá carntha trí ghníomh an duine agus a bhféadfadh mianraí nádúrtha a bheith iontu, e.g. cré agus/nó ábhair shaorga
Suirbhéanna maighnéadaiméadair	Is uirlis é maighnéadaiméadar a thomhaiseann maighnéadas–trí mhaighnéadú ábhair mhaighnéadaigh cosúil le fearómaighnéad, nó treo, neart, nó athrú coibhneasta réimse mhaighnéadaigh ag suíomh ar leith.
MASP	Pleananna Straitéiseacha Limistéar Ceannchathartha
Lúb	Is ionann lúb go ginearálta agus píosa lúbtha i sruthchúrsa.
Cás meánfháis	Glacann sé seo go mbeidh ráta meánach fáis sna réamhaisnéisí daonra don réigiún.
Méiseatrófach	Lochán nó linn a bhfuil líon measartha plandaí ann.
MATS	Straitéis Iompair do Mhórcheantar Uirbeach
MCDRW	Lámhleabhar Doiciméad Conartha d'Oibreacha Bóthair
MDAnna	Limistéar Sil-Leagain Ábhair
mgbl	Méadair os cionn leibhéal na talún
Mionaeráideach	Na riochtaí san atmaisféar a mbíonn tionchar acu ar dhuine aonair nó ar ghrúpa beag orgánach, go háirithe nuair a bhíonn siad difriúil ón aeráid sa chuid eile den phobal.
Micrileictreonaic	Is forannán den réimse leictreonaic a phléann le gnéithe an-bheag agus micreascópach de chodanna leictreonaic déantúsaíochta é micrileictreonaic.
Sciar modh iompair	An sciar de dhaoine a úsáideann modh iompair ar leith (lena n-áirítear rothaíocht agus siúl) laistigh den úsáid fhoriomlán a bhaintear as iompar i gceantar uirbeach. Is féidir an sciar den mhodh iompair a ríomh le haghaidh iompar paisinéirí agus lastais (lóistíocht) bunaithe ar aonaid dhifriúla, cosúil le líon na dturas, toirt, meáchan, km paisinéirí nó km tona.

Téarmaí	Brí
Moirfeolaíocht	Is ionann moirfeolaíocht agus an eolaíocht a bhaineann le cineálacha dobharlach nádúrtha cosúil le haibhneacha, lochanna, inbhir, murlaigh, criosanna cósta agus muirí, mar aon leis na próisis a chruthaíonn agus a mhodhnaíonn na foirmeacha sin.
NFGWS	An Chónaidhm Náisiúnta de Ghrúpscéimeanna Uisce
CCNG an N6	Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, ábhar an TMTT
N6 GCTP	Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe
N6 GCOB	Iarratas roimhe seo chuig ABP in 2006 don téarma sainithe ‘Seachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe’ (GCOB)
NDP	An Plean Forbartha Náisiúnta
NHA	Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
NHB 5	Oidhrecht Chultúrtha agus Beartas Bithéagsúlachta
NIAH	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta
NIFTI	An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn
NIS	Ráiteas Tionchair Natura
NIR	Tuarascáil Tionchair Natura
NMS	Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
NMUS	Úsáideoirí gan Inneall
Fógra Bagartha	Iarrann an fógra seo ar úinéirí maoine a bhfuil a dtalamh faoi réir ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO) a n-éileamh ar chúiteamh a chur isteach le haghaidh tailte atá á dtógáil faoin CPO. Déantar measúnú ar luachanna talún etc. ag tagairt do dháta an Fhógra seo.
NO ₂	Dé-ocsaíd Nítrigine
NO _x	Ocsaídí Nítrigine
CNP	An Creat Náisiúnta Pleanála
NPWS	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
NPO	Cuspóirí Beartais Náisiúnta
NRA	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
NSO	Cuspóirí Straitéiseach Náisiúnta
NISMP	Plean um Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach
NIEA	Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann
NTA	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
NTS	Achoimre Neamhtheicniúil
NWRSES	Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch an Tuaiscirt agus an Iarthair
O ₂	Ocsaigin

Téarmaí	Brí
OD	Tagra Ordanáis
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
Olagotrófach	Tá cruinniú íseal de shalainn chothaitheacha tuaslagtha ann, a thacaíonn le fás fánach alga agus le horgánaigh eile, agus ina bhfuil leibhéal ard ocsaigin mar gheall ar an méid ábhar orgánach atá ann.
Cuar-bhealach	Bealach a thugann trácht timpeall ar chathair seachas trí chathair.
Ar líne/As líne	An bealach trína bhfanann N6 GCRR atá beartaithe ar an ailíniú céanna leis an mbonneagar bóthair atá ann cheana.
OPW	Oifig na nOibreacha Poiblí
An Chéim Oibríochta	An tréimhse ama ina bhfuil an bóthar beartaithe in úsáid.
OS	Suirbhéireacht Ordanáis
OSI	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
Lomán	Teagmháil le buncharraig
PAH	Hidreacarbóin Iltimthriallacha Aramatacha
Pailé-charst	An téarma ginearálta le haghaidh carst ársa a bhfuil iontaisíú nó caomhnú déanta air. Bíonn na gnéithe sin líonta le dríodair litithe.
Pailé-thírdhreach	Tírdhreach mar a bhí sa seanam (sa chianaimsir).
Máthairábhar	An cineál buncharraige óna n-eascaítear na píosaí carraige laistigh de thill. Cuir i gcás, is é máthairábhar Till Aolchloiche ná Aolchloch.
Ábhar Cáithníní	Cáithníní beaga bídeacha de sholad nó leacht ar fuaidreamh i leacht nó i ngás.
Pb	Luaidhe
PCU	Aonad um Charranna Paisinéirí
Tréscailteacht	Tomhas ar acmhainn carraige uisce a tharchur.
PMGanna	Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail
PM ₁₀	Ábhar cáithníní atá 10 micriméadar (miocróin) i dtrastomhas nó níos lú.
PM _{2.5}	Ábhar cáithníní atá 2.5 micriméadar (miocróin) i dtrastomhas nó níos lú.
pNHA	Limistéir Oidhreachta Nádurtha beartaithe
Acomhail tosaíochta	Is iad acomhail tosaíochta an cineál socrú acomhail is coitianta. B'éigean mionbhóthar amháin nó níos mó a ghéilleadh nó a stopadh le haghaidh shreabhadh tráchta an mhórbhóthair.
Draenacha réamh-chréfoirt	I gcás ina ngabhfaidh uisce dromchla agus uisce fodhromchla ó thalamh in aice láimhe le sruth i dtreo an bhóthair, beidh gá tríd is tríd draenacha idircheaptha a thógáil ag bairr na ngearrthacha agus ag bun na gelaífort. I gceantair thuaithe d'fhéadfadh díoga a bheith i gceist leo sin seachas draenacha scagtha mar gheall ar a gcumas níos mó agus toisc iad a bheith níos saoire i gcomparáid le cinn eile.

Téarmaí	Brí
Gnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I	Cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I atá i gcontúirt dul as radharc, agus a bhfuil freagracht ar an gComhphobal Eorpach ina leith i bhfianaise an chiona dá raon nádúrtha atá laistigh den chríoch
Bóthar cosanta	Ciallaíonn bóthar cosanta, mar atá sainithe faoi Alt 45 (1) d’Acht na mBóithre, bóthar poiblí nó bóthar poiblí atá beartaithe agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna faomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfár foráil a dhéanamh i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála um thoirmeasc, dhúnadh, athrú, atreorú nó srianadh aon rochtana sonraithe nó gach bealach díreach rochtana ar an mbóthar cosanta ón talamh sonraithe arna húsáid um chuspóir sonraithe nó chuig an talamh sin ón mbóthar cosanta.
Qbar	An meán-sreabhadh uasta bliantúil a taifeadadh nó a ríomhadh ag suíomh.
pH	Is tomhas é pH ar aigéadacht nó bunatacht tuaslagáin.
Tuile báistiúil	Tarlaíonn na tuilte seo nuair a dhéanann uisce dromchla a chruinníonn de bharr báisteach throm sáithiú ar an gcóras draenála uirbí, agus nuair nach féidir an farasbarr uisce a shú.
Podsail	Cineál ithreach a chruthaítear i réigiúin aeráide fhuara, a bhíodh marbhánta ar bhonn séasúrach agus ina bhfuil láisteadh (síothlú uisce) ina phróiseas ceannasach.
POWSCCAR	Áit Oibre, Scoil, Coláiste nó Cúram Leanaí - Daonáireamh de Thaifid gan Tréithe Pearsanta Luaite
PSD	Athdháileadh den Mhéid Cáithnín
pNHA	NHAnna a Bheartaítear
QI	Leas Cáilitheach – gnáthóg Iarscríbhinn I nó speicis Iarscríbhinn II dá bhfuil cSAC/SAC ainmnithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga.
Qmed	Innéacs bliantúil tuilte
Radairianú	Úsáid as glacadóirí raidió, aeróga treocha agus tarchuradóirí raidió (ag dul leis an spriocspeiceas) chun gluaiseachtaí agus suíomhanna speiceas a fhaire agus a thaifeadadh.
Glacadóirí	Is daoine nó orgánaigh eile iad glacadóirí a d’fhéadfadh a bheith leochaileach nó nochta d’éilleáin de bharr a n-aoise agus a sláinte (e.g. scoileanna, ionaid cúraim lae, ospidéal, tithe altranais), stádas (e.g. speicis leochaileacha nó i mbaol), gaireacht don éilliú, tógáil tí (e.g. íoslach), nó na saoráidí a bhíonn in úsáid acu (e.g. tobar i gcomhair soláthar uisce).
Athlíonadh	Uisce a chur leis an gcrios sáithithe; freisin, an méid uisce a chuirtear leis.
Reigeasail	Is ithir mhianrach atá forbartha go fíor-lag in ábhair neamhdhlúite é reigeasal. Tá reigeasail forleathan i dtailte creimthe, go háirithe i limistéir araide agus leath-araide agus i réigiúin sléibhe.
Friotachas	Tomhas den chumhacht friotachais in ábhar sonrach maidir le sreabhadh sruth leictigh.
RFC	Cóimheas idir Sruth agus Acmhainn (RFC)
IFB	Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB)
Riosóm	Gas plandaí faoi thalamh, atá ag fás go cliathánach agus in ann fréamh agus córas péacáin planda nua a tháirgeadh.
Fásra bruachánach	Is ionann fásra bruachánach agus éagsúlacht an fhásra dhúchasaigh atá ar ‘thalamh in aice le dobharlach nó faoina thionchar. Tá gnáthóga bruachánacha sainithe mar áiteanna ‘ina dtagann éiceachórais chríche agus uisceacha le chéile’.

Téarmaí	Brí
Cuar dóiteáin Rijkswaterstaat (RWS)	D'fhorbair Rijkswaterstaat, Aireacht Iompair na hÍsiltíre, an cuar RWS. Tá an cuar seo bunaithe ar an tuairim den chás is measa, go bhféadfadh dóiteán i dtancaer 50 m ³ breosla, ola nó peitрил le hualach dóiteáin de 300MW tarlú, a mhairfeadh suas le 120 nóiméad. Bhí an cuar RWS bunaithe ar thorthaí tástála a rinne TNO san Ísiltír i 1979.
RMP	Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna
RMS	Córas Samhaltaithe Réigiúnach
Ciseal Bóthair	An chuid sin de bhóthar poiblí atá faoi úinéireacht phríobháideach a bhfuil ceart bealaigh poiblí air.
Ceanncharraig	Limistéar nó céimiúlacht charraigeach ardaithe; mullach nó an chuid is faide de charraig. Dromchla uachtair buncharraige.
Lomán carraige	An chuid d'fhoirmiú carraige a bhíonn le feiceáil os cionn dhromchla na talún timpeall air.
Rkc	Uiscíoch lena mbaineann tábhacht réigiúnach
RPS	Taifead na Struchtúr Cosanta
RSA	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
RSES	Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha
Rith chun srutha	An t-uisce a fhágann limistéar draenála nó uisce ag rith trasna an dromchla talún.
SATURN	Sannadh Ionsamhlúcháin Tráchtas do Líonraí Bóithre Cathrach
SAC	Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
SAAR	Báisteach bhliantúil fhadtéarmach ar an meán
Crios sáithithe	An crios faoin maoschlár ina bhfuil na póireanna agus na scoilteáin lán le huisce. Tugtar an crios fréatach air freisin.
SCI	Leas Caomhantais Speisialta – speiceas éan Iarscríbhinn I dá bhfuil SPA ainmnithe faoin Treoir maidir le hÉin
SDS	Straitéis Forbartha Inbhuanaithe
Comhaontú Alt 85	Rinneadh Comhaontú Alt 85 faoi fhorálacha Alt 85 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a d'fhaomh Bonneagar Iompair Éireann (TII) de bhun Alt 14 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú.
Íogaireacht	Leochaileacht gabhdóra sochorraithe d'athrú.
SEPCP	Plean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe
SEVESO	Láithreán Seveso – láithreáin a aithníodh mar chinn ina bhfuil líon mór substaintí contúirteacha.
Deighilt	Áit ina bhfuil píosa talún deighilte nó scoite amach ón bpríomhshealúchas talún nó ina bhfuil píosa gnáthóige scartha/scoite amach ón bpríomhlimistéar gnáthóige.
SHDanna	Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta
SI	Iniúchadh Láithreáin

Téarmaí	Brí
I.R.	Ionstraim Reachtuil
SIDanna	Is mórfhorbairt bonneagair í Forbairt Bonneagair Straitéisigh a dhéanann údaráis áitiúla agus dreamanna eile agus a gcuirtear iarratais isteach díreach leis an mBord Pleanála ina leith.
SIFLT	An Creat Infheistíochta Straitéisí i gcomhair Iompar ar Tír
Acomhal soilsithe	Acomhal bóthair ina dtagann bóithre le chéile agus ina rialaítear an sruth tráchta le soilse tráchta.
Achair radhairc stoptha	San achar radhairc stoptha íosta atá ar fáil ar bhóthar ag aon spota a bhfuil dóthain faid ann chun cur ar chumas an tiománaí feithicil a stopadh ar fheiceáil guaise dó/di, ag taisteal ag an luas dearaidh go sábháilte gan imbhuiladh le haon bhacainn eile.
striocadh	Aon cheann de chúpla scríob nó eitre comhthreomhar ar dhromchla carraige, mar thoradh ar oighear ag bogadh, mar a bhíonn ag oighearshruth.
SMR	Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí
SO ₂	Dé-ocsaíd Sulfair
SO _x	Sulfar Ocsaíd léirithe mar Dé-ocsaíd Sulfair
SPA	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
Fo-dhobharcheantar	Píosa d'abhantrach.
Fo-ithreacha	An t-ábhar idir an bharrithir agus an bhuncharraig.
Crios fothaoidmhear	Is é an crios fothaoidmhear an chuid sin de thimpeallacht réileán taoidmhear a luíonn faoi bhun leibhéal meánlag trá le haghaidh taoidí earraigh. Go hiondúil bíonn sé cumhdaithe ag uisce is cuma cén cineál taoide atá ann. Úsáidtear an focal go minic mar théarma tuairisciúil ginearálta le haghaidh timpeallacht shil-leaganach fo-uiscí ach éadomhain mhuirí.
Fostruchtúr	Struchtúr foshraithnaithe nó tacaíochta
SuDS	Córais draenála uirbí inbhuanaithe (SuDS) ar cur chuige nádúrtha iad maidir le draenáil a bhainistiú i réadmhaoín agus forbairtí eile agus timpeall orthu. Oibríonn siad trí mhoill a chur ar an uisce a ritheann chun srutha ó láithreán agus é a choinneáil siar, ag ligean do phróisis nádúrtha truailléin a bhriseadh síos.
Forstruchtúr	Struchtúr atá tógtha os cionn rud éigin eile.
SUMPanna	Pleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe
SPA	Limistéar faoi Chosaint Speisialta (d'éin). Cuid de líonra láithreán Eorpach Natura 2000, ainmnithe faoi Threoir AE maidir le hÉin (79/409/CEE).
TAF	Creat Breithmheasa Iompair
TBM	Meaisín Tollta Tolláin
TEN-T	Is tacar beartaithe de líonraí bóthair, iarnróid, aeir agus uisce iad Gréasáin Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) san Aontas Eorpach. Is cuid de chóras Gréasán Tras-Eorpach Iompair níos leithne iad na gréasáin TEN-T, lena n-áirítear líonra teileachumarsáide (eTEN) agus líonra fuinnimh beartaithe (TEN-E nó TEN-Fuinneamh).
TER	Seomra Treailaimh Theicniúil

Téarmaí	Brí
BIÉ	Bonneagar Iompair Éireann
BIÉ PAG	Treoirlínte Breithmheasa Tionscadal Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ)
Clár Ábhar	Carbón Orgánach Iomlán
TOT	Am Taistil
Bearta rialaithe tráchta	Is marcóirí, comharthaí agus fearais chomharthaíochta iad a úsáidtear chun trácht a threorú, agus a rialú, lena n-áirítear coisithe, tiománaithe mótarfheithiclí agus rothaithe. Socraítear na fearais sin de ghnáth in aice le, os cionn nó feadh mórbealaí, bóithre, saoráidí tráchta agus limistéir phoiblí eile a gcaitear trácht a rialú orthu.
Líonra trasnáisiúnta	Ciallaíonn sé an modh eagraíochta a rialaíonn feidhmiú thionscadail na hEorpa. Nascann an líonra comhpháirtithe as tíortha difriúla agus é mar aidhm cuspóir coiteann amháin nó níos mó a chomhlíonadh, agus gan stádas níos airde ag aon duine de na comhpháirtithe le hais duine eile. Is é an líonra an ionstraim is oiriúnaí chun feidhmiú ar an scála Eorpach agus chun oibriú laistigh den tréimhse tugtha.
TSB	Foirgnimh Seirbhísí, Monatóireachta agus Cothabhála Tolláin
Túfa	Carraig phóiriúil ina gcuimsítear carbónáit chailciam agus a chruthaítear le deascadh ó uisce, e.g. timpeall ar fhuaráin mhianracha.
Moirtiúlacht	Tomhas ar shoiléire coibhneasta leachta é moirtiúlacht. Is saintréith optúil é d'uisce agus léiriú ar an méid solais a scaiptear le hábhar san uisce nuair a scalltar solas tríd an sampla uisce. Dá mhó déine atá sa solas scaipthe, is airde an mhoirtiúlacht.
Turlach	Lochanna séasúracha a fhaightear i gcarst ísealchríche iarthar na hÉireann.
Limistéar staidéir na scéime	Tagraíonn an téarma “limistéar staidéir na scéime”, nuair a úsáidtear sa TMTT seo é, don limistéar staidéir i gcoitinne dár sainathnódh srianta i dtús báire i rith na staidéar ar shrianta agus roghnú bealaí do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá Beartaithe.
Tréscaoilteacht thánaisteach	Tréscaoilteacht a eascraíonn ó scoileáin, lochtanna agus seolphíobáin sa charraig seachas é sin a sholáthraíonn maitrís na carraige féin.
Úsc	Scaoileadh idirleata screamhuisce.
Úscaíl	Sceitheadh mall leachta trí ábhar póiriúil nó poill bheaga.
Seismeach	Modhanna suirbhéireachta geolaíocha lena mbaineann creathadh a tháirgtear go saorga le pléascáin.
SFRA	Measúnú Riosca Straitéiseach ar Thuilte
Coinneáil ithreach	Is airí hiodrálach ollmhór ithreach é coinneáil uisce na hithreach a rialaíonn feidhmiú na hithreach in éiceachórais agus a mbíonn tionchar mór aige ar bhainistiú ithreach. Cruthaíonn taise na hithreach maolán ollmhór i gcoinne tuilte, agus is toisc stiúrtha ollmhór é toilleadh uisce i bhfo-ithir chun plandaí a fhás.
Cobhsú	An próiseas a bhaineann le rud a dhéanamh níos sábháilte nó níos cobhsaí go fisiceach.
Limistéar staidéir	An limistéar ar a ndearnadh staidéar d'fhonn treoir a thabhairt don Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Beidh éagsúlacht ag baint leis an limistéar staidéir ag brath ar an toisc thimpeallachta atá á breithniú
Crios neamhsháithithe	An crios idir dromchla na talún agus an maoschlár, ina bhfuil na póireanna agus scoileáin líonta leath bealaigh le huisce. Tugtar an crios fáin air freisin.
UHG	Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh

Téarmaí	Brí
UoG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
UTC	Rialú Tráchta Uirbigh
UTMC	Ionad Bainistíochta Tráchta Uirbigh
µg/m3	micreagraim in aghaidh an mhéadair chiúbaigh
Struchtúir dhúchasacha	Foirgneamh a tógadh ó ábhair a bhí ar fáil go háitiúil tar éis cleachtais agus patrúin thógála traidisiúnta agus nach bhfuil deartha ag ailtire.
Ailíniú Ingearach	Treo agus cúrsa an bhóthair sa phróifíl.
Tarbhealach	Struchtúr íseal cosúil le droichead, le sraith áirsí de ghnáth, a iompraíonn bóthar nó iarnród thar ghleann nó talamh íseal eile.
Taitneamhacht Amhairc	An luach atá ag limistéar áirithe nó radharc i dtéarmaí an méid a fheictear
VIS	Sceideal den Tionchar Amhairc
VOC	Comhdhúile orgánacha míshocair (VOC).
Maoschlár	An leibhéal sáithiúcháin is tábhachtaí in uiscíoch ag a mbíonn an brú atmaisféarach.
WRM	Samhail Réigiúnach an Iarthair
WFD	An Chreat-treoir Uisce
WHO	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
Séideadh gaoithe	Iompartha nó tiomáinte ag an ngaoth
Gaothrós	Léaráid léarscáile ina dtugtar achoimre ar fhaisnéis faoin ngaoth ag suíomh ar leith thar thréimhse ama ar leith.
Suirbhé Gaothscáthanna	Seo suirbhé a dhéantar ó na bóithre ar fud an limistéir staidéir.
WMP	Plean Bainistíochta Dramhaíola
WWTP	Ionad Cóireála Fuíolluisce
Crios an chion tairbhe	An dobharcheantar screamhuisce a chuireann uisce i dtobar.
ZoI	Crios Tionchair
%íl	Peircintíl

Sliocht as Treoirlínte TMTT GCC Bealtaine 2022, leathanach 50-52 Tábla 3.4 Tuairisc ar Éifeachtaí¹

Caighdeán na nÉifeachtaí Tá sé tábhachtach treoir a thabhairt don ghnáthléitheoir faoi cibé an bhfuil éifeacht dearfach, diúltach nó neodrach.	Éifeachtaí Dearfacha Athrú lena bhfeabhsaítear cáilíocht na timpeallachta (mar shampla, trí éagsúlacht speiceas a mhéadú; nó trí chumas atáirgthe éiceachórais a fheabhsú, nó trí núiseanna a bhaint nó fónais a fheabhsú).
	Éifeachtaí Neodracha Gan éifeachtaí nó éifeachtaí do-airithe, laistigh de ghnáth-theorainneacha na héagsúlachta nó laistigh den lamháil earráide tuartha.
	Éifeachtaí Diúltacha/Díobhálacha Athrú lena laghdaítear cáilíocht na timpeallachta (mar shampla, éagsúlacht speiceas a laghdú nó cumas atáirgthe éiceachórais a laghdú; nó damáiste a dhéanamh do shláinte nó maoin nó trí núis a chruthú).
Cur síos a dhéanamh ar Shuntasacht na nÉifeachtaí Is coincheap é “Suntasacht” ar féidir leis bríonna difriúla a bheith aige le haghaidh topaicí difriúla – in éagmais sainmhínithe sonracha le haghaidh topaicí difriúla d’fhéadfadh na sainmhínithe seo a leanas a bheith áisiúil (féach freisin Suntasacht a Chinneadh).	Do-bhraite Éifeacht is féidir a thomhas ach nach mbaineann iarmhairtí suntasacha léi.
	Neamhsuntasach Éifeacht a dhéanann athruithe suntasacha ar shaintréithe na timpeallachta ach nach mbíonn iarmhairtí suntasacha aige.
	Éifeachtaí Beaga Éifeacht lena dtarlaíonn athruithe sonraíocha i gcarachtar na timpeallachta gan dul i gcion ar a híogaireachtaí.
	Éifeachtaí Measartha Éifeacht lena n-athraítear saintréith na timpeallachta ar bhealach atá ag teacht le treochtaí bonnlíne reatha agus le cinn atá ag teacht chun cinn.
	Éifeachtaí Suntasacha Éifeacht lena n-athraítear gné íogair den timpeallacht mar gheall ar a carachtar, a méid, a fad nó a déine.
	An-Suntasach Éifeacht a athraíonn, mar gheall ar a carachtar, méid, fad nó dlús, gné leochaileach den timpeallacht.

¹ Tabhair faoi deara: Úsáidtear na téarmaí éifeachtaí agus tionchair as lámh a chéile sa TMTT seo agus an bhrí chéanna leo

	Éifeachtaí Troma Éifeacht lena scriostar carachtair íogaire.
Cur síos a dhéanamh ar Fhairsinge agus ar Chomhthéacs na nÉifeachtaí Bíonn tionchar ag comhthéacs ar an gcaoi a bhreathnaítear ar shuntasacht. Tá sé tábhachtach a fháil amach cibé an bhfuil an éifeacht uathúil nó, b'fhéidir, gur ceann é a bhíonn i gceist go minic nó níos mó agus níos mó.	Méid Déan cur síos ar mhéid an limistéir, líon na láithreán agus an méid den daonra a raibh tionchar ag éifeacht orthu.
	Comhthéacs Déan cur síos ar cibé an gcloífidh fairsinge, fad ama, nó minicíocht nó an mbeidh siad i gcodarsnacht le coinníollacha bunaithe (bonnlíne) (arb é an éifeacht is mó, is faide riamh?)
Cur síos a dhéanamh ar Dhóchúlacht na nÉifeachtaí Sna tuairiscí ar éifeachtaí, ba chóir go mbeifí in ann a fháil amach cén seans atá ann go dtarlóidh na héifeachtaí tuartha – ionas go mbeidh an CA in ann amharc ar an gcomhardú riosca thar bhuntáiste nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh.	Éifeachtaí Dealraitheacha Na héifeachtaí a bhfuiltear in ann a bheith ag súil go réasúnta a tharlóidh mar gheall ar an tionscadal beartaithe má chuirtear gach beart maolaithe i bhfeidhm i gceart.
	Éifeachtaí Neamhdhealraitheacha Na héifeachtaí a bhfuiltear in ann a bheith ag súil go réasúnta nach dtarlóidh mar gheall ar an tionscadal beartaithe má chuirtear gach beart maolaithe i bhfeidhm i gceart.
Cur síos a dhéanamh ar Fhad agus ar Mhinicíocht na nÉifeachtaí Is coincheap é “Fad ama” ar féidir leis bríonna difriúla a bheith aige le haghaidh topaicí difriúla – in éagmais sainmhínithe sonracha le haghaidh topaicí difriúla d’fhéadfadh na sainmhínithe seo a leanas a bheith áisiúil.	Éifeachtaí Móimintiúla Éifeachtaí a mhaireann idir soicindí go dtí nóiméid.
	Éifeachtaí Gairide Éifeachtaí a mhaireann níos lú ná lá amháin.
	Éifeachtaí Sealadacha Éifeachtaí a mhaireann níos lú ná bliain amháin.
	Éifeachtaí Gearrthéarmacha Éifeachtaí a mhaireann idir bliain agus seacht mbliana.
	Éifeachtaí Meántéarmacha Éifeachtaí a mhaireann idir seacht go dtí cúig bliana déag.
	Éifeachtaí Fadtéarmacha Éifeachtaí a mhaireann idir cúig bliana déag agus trí scór bliain.
	Éifeachtaí Buana Éifeachtaí a mhaireann os cionn trí scór bliain.

	Éifeachtaí Inchúlaithe Éifeachtaí ar féidir iad a chealú, mar shampla trí leigheasachán nó athchóiriú.
	Minicíocht na nÉifeachtaí Cur síos a dhéanamh ar chomh minic is a tharlóidh an éifeacht (uair amháin, go hannamh, anois is arís, go minic, de shíor – nó gach uair an chloig, go laethúil, go seachtainiúil, go míosúil, go bliantúil).
Cur síos a dhéanamh ar na Cineálacha Éifeachtaí	Éifeachtaí Indíreacha (ar a dtugtar freisin Éifeachtaí Tánaisteacha nó Lasmuigh den Láithreán) Éifeachtaí ar an timpeallacht, ní mar thoradh díreach ar an tionscadal, a dhéantar go minic ar shiúl ó láthair an tionscadail nó mar gheall ar chosán casta.
	Éifeachtaí Carnacha Go leor éifeachtaí beaga nó suntasacha a chur leis, lena n-áirítear éifeachtaí a bhíonn ag tionscadail eile, chun éifeachtaí níos mó agus níos suntasaí a chruthú.
	‘Éifeachtaí Gan Dada a Dhéanamh’ An timpeallacht mar a bheadh sé sa todhchaí i gcás nach gcuirfí an tionscadal faoi chaibidil i gcrích.
	Éifeachtaí ‘An cás is measa’ Na héifeachtaí a eascraíonn ó thionscadal i gcás go dteipeann go substaintiúil ar bhearta maolaithe.
	Éifeachtaí Dochinntithe Nuair nach féidir cur síos a dhéanamh ar na hiarmhairtí iomlána a bhíonn ag athrú sa timpeallacht.
	Éifeachtaí Dochúlaithe Nuair a chailltear go buan carachtar, sainiúlacht, éagsúlacht nó cumas atáirgthe timpeallachta.
	Éifeachtaí Iarmharacha An méid athrú timpeallachta a tharlóidh tar éis do na bearta maolaithe atá beartaithe a bheith curtha i bhfeidhm.
	Éifeachtaí Sineirgisteacha Nuair atá an éifeacht iarmharach níos suntasaí ná suim a cuid comhábhar (e.g. meascán de SO_x agus NO_x chun toitcheo a tháirgeadh).

